2024.M88

2024L001B1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gaeilge

## Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

## Bonnleibhéal

## Dé Luain 10 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:20

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí chuid sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | Cluastuiscint | 120 marc |
| Freagair **gach** ceist. | | |
| Cuid II: ROINN I | Léamhthuiscint | 150 marc |
| Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3). | | |
| Cuid II: Roinn II | Scríobh na Teanga | 90 marc |
| Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b). | | |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh an fhreagarleabhair. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.


Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid**.

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

| Cuid I | An Chluastuiscint | 120 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Seán ina chónaí?



**Ceist 1 (b)** Cén duine is óige sa teaghlach?

| | |
|---|---|
| Eoghan | |
| Máire | |
| Deirdre | |

**Ceist 2 (a)** Cad a reáchtálann Síle agus a teaghlach?









**Ceist 2 (b)** Cá gcaitheann Síle a cuid airgid ar fad?

| | |
|---|---|
| I siopaí bróg | |
| I siopaí éadaí | |
| I mbialann | |

**Ceist 3** Cá bhfuil an fear ag dul?












**Ceist 4** Cá bhfuil an scoil? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)




**Ceist 5 (a)** Cad a bheidh ar siúl ar a naoi a chlog mar chuid den lá spóirt?









**Ceist 5 (b)** Cé a fhanfaidh sa halla leis an áit a ghlanadh suas?

| | |
|---|---|
| Na múinteoirí agus na daltaí | |
| Na daltaí ó bhliain a sé | |
| Na daltaí ar fad | |

**Ceist 6 (a)** Cén bheirt is fearr le hAoife?

| | |
|---|---|
| Pól agus Áine | |
| Aoife agus Seán | |
| Aindí agus Órla | |

**Ceist 6 (b)** Cén sórt duine é Seán, dar le hAoife?

| | |
|---|---|
| Réalaíoch | |
| Grámhar | |
| Dáiríre | |

**Ceist 7 (a)** Cár chaith Stíofán agus a chairde seachtain an bhliain seo caite?

| | |
|---|---|
| Sa tSeapáin | |
| Sa Fhrainc | |
| Sa Ghréig | |

**Ceist 7 (b)** Cé mhéad a chosnódh seachtain sa Spáinn, dar le Stíofán?

| | |
|---|---|
| €350 an duine | |
| €400 an duine | |
| €550 an duine | |

**Ceist 8 (a)** Cé mhéad pointe a bhí idir na foirne ag leath ama?

| | |
|---|---|
| Dhá phointe | |
| Trí phointe | |
| Ceithre phointe | |

**Ceist 8 (b)** Cá mbeidh an fhoireann ag dul ar leathuair tar éis a sé?

| | |
|---|---|
| Óstán áitiúil | |
| Club óige áitiúil | |
| Halla spóirt áitiúil | |


**Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 6–17 sa fhreagarleabhar seo.**

| Cuid II: Roinn I | Léamhthuiscint | 150 marc |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí / comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. **(40 marc)**


| | Uimhir | Litir |
|---|---|---|
| 1. **Ceachtanna Gailf** Cuir feabhas ar do chuid scileanna gailf! | 1 | |
| 2. **Ranganna Gaeilge** Ag tosú Dé Máirt i Scoil Naomh Eoin | 2 | |
| 3. **Dioscó do Dhéagóirí** Gach Satharn i gClub Oíche na Trá | 3 | |
| 4. **Meicneoir ar fáil** Deiseoimid do charr anseo inniu! | 4 | |
| 5. **Traenáil Iománaíochta** Am lóin gach Máirt agus Déardaoin | 5 | |
| 6. **Ar Díol** Ríomhaire nua Praghas: €400 | 6 | |
| 7. **Ar Iarraidh** Madra dubh agus bán Glaoigh ar 081 321 465 | 7 | |
| 8. **Rabhadh! Bóthar dúnta!** Bóthar faoi uisce Téigh ar mhalairt slí | 8 | |
| 9. **An Faisean is déanaí** Siopa nua éadaí ar oscailt Luan go Satharn | 9 | |
| 10. **Snámh Urraithe** Ar son *Trócaire* Bí ar an trá ar 3.00 p.m. | 10 | |


























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Oifig an Bhainisteora
Gaeilge Bheo
Maigh Eo.
7 Meitheamh 2024

Colm Ó Súilleabháin
Dún Búinne
Co. na Mí.

A Choilm, a chara,

Go raibh maith agat as an litir a sheol tú chugainn an tseachtain seo caite, Dé Céadaoin, 29 Bealtaine. Deir tú linn go bhfuil tú mar bhall den ghrúpa ceoil Na Buachaillí Dána. Is cosúil go bhfuil an-suim agat i réimse leathan ceoil agus go dtaitníonn bannaí ceoil éagsúla leat ó The Chieftains go U2.

I do litir, d'iarr tú tuilleadh eolais maidir leis an bpost mar cholúnaí atá ar fáil. Is post é seo atá an-solúbtha ach beidh ar an té a cheapfar 1,000 focal a chur ar fáil don cholún roimh a haon a chlog gach Aoine. Is léir go dtaitníonn rac-cheol leat ach beidh cead agat scríobh faoi aon sórt ceoil – ó cheol traidisiúnta go snagcheol!

Is dócha go bhfuil roinnt ceisteanna eile agat agus ba mhaith liom bualadh leat Dé Máirt, 11 Meitheamh ar a trí a chlog. Bímse san oifig ó Luan go hAoine idir a hocht a chlog ar maidin agus a cúig a chlog tráthnóna. Táim ag súil go mór le bualadh leat!

Is mise,
Áine Ní Shé.

**Ceisteanna**

**1.** Cén dáta a sheol Colm an litir chuig Gaeilge Bheo?

| | |
|---|---|
| 29 Bealtaine | |
| 7 Meitheamh | |
| 11 Meitheamh | |

**2.** Cad is ainm do ghrúpa ceoil Choilm?

| | |
|---|---|
| Na Buachaillí Dána | |
| The Chieftains | |
| U2 | |

**3.** Cén lá a chaithfidh an colún a bheith scríofa?

| | |
|---|---|
| Dé Luain | |
| Dé Céadaoin | |
| Dé hAoine | |

**4.** Cén sórt ceoil a thaitníonn le Colm?

| | |
|---|---|
| Rac-cheol | |
| Ceol traidisiúnta | |
| Snagcheol | |

**5.** Cén t-am ba mhaith le hÁine bualadh le Colm?

| | |
|---|---|
| A haon a chlog | |
| A trí a chlog | |
| A cúig a chlog | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**Rinn Ó gCuanach**



Tugann a lán turasóirí cuairt ar Ghaeltacht na Rinne gach bliain. Is ceantar álainn í. Tá sí suite ar chósta theas na hÉireann i ndeisceart Phort Láirge, deich gciliméadar ó bhaile Dhún Garbhán agus seachtó ciliméadar ó chathair Chorcaí. Tá Gaeltacht eile in aice láimhe, mar atá, Gaeltacht an tSeanphobail atá ocht gciliméadar uaithi.

Tháinig roinnt amhránaithe iontacha sean-nóis ón gceantar seo: Labhrás Ó Cadhla, Cárthach Mac Craith agus Nioclás Tóibín ina measc. Bhuaigh Nioclás Tóibín Corn Uí Riada trí bliana i ndiaidh a chéile ag Oireachtas na Samhna. Reáchtáiltear féile gach bliain in onóir Niocláis agus bíonn ceol agus amhránaíocht ar siúl i rith an deireadh seachtaine. Bíonn ranganna agus seisiúin cheoil ar siúl sa mheánscoil áitiúil freisin.

Chomh maith leis an gcultúr, meallann áilleacht na háite a lán turasóirí chun an cheantair i rith an tsamhraidh. Tá tránna áille sa cheantar freisin, ina measc Trá Bhaile na nGall agus Trá Heilbhic. Ar an 25 Iúil gach bliain is féidir siúl amach ón Rinn go Dún Garbhán agus an taoide íseal.

Tá glasbhealach den scoth sa cheantar. Rian Glas na nDéise an t-ainm a thugtar air. Is tarraingt mhór é an glasbhealach seo do thurasóirí ó cheann ceann na tíre. Téann an glasbhealach seo ó Dhún Garbhán go cathair Phort Láirge agus tá sé ag dul chomh fada le Ros Mhic Thriúin i Loch Garman. Mar sin, má tá saoire dheas chultúrtha uait i gceantar Gaeltachta, tar anseo go dtí an Rinn!

**Ceisteanna**

**1.** Cá bhfuil Gaeltacht na Rinne suite?

| | |
|---|---|
| I gcathair Chorcaí | |
| I ndeisceart Phort Láirge | |
| I gcathair Phort Láirge | |

**2.** Cén fhad atá an Rinn ó bhaile Dhún Garbhán?

| | |
|---|---|
| Ocht gciliméadar | |
| Deich gciliméadar | |
| Seachtó ciliméadar | |

**3.** Cén duine ón Rinn a bhuaigh Corn Uí Riada trí bliana i ndiaidh a chéile?

| | |
|---|---|
| Nioclás Tóibín | |
| Cárthach Mac Craith | |
| Labhrás Ó Cadhla | |

**4.** Cá mbíonn na seisiúin cheoil ar siúl?

| | |
|---|---|
| Ar an trá | |
| Sa mheánscoil áitiúil | |
| Ar an nglasbhealach | |

**5.** Cad is ainm don ghlasbhealach sa cheantar?

| | |
|---|---|
| Heilbhic | |
| Ros Mhic Thriúin | |
| Rian Glas na nDéise | |

**(c)** Léigh an **scéal** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

**I dtrioblóid ar scoil …**

"Déanach arís, a Pheadair," a dúirt an príomhoide agus Peadar ag siúl isteach doras na scoile maidin Déardaoin. "Beidh ort fanacht istigh ag am lóin agus ná bí déanach le do thoil." Bhí fadhb ag Peadar. Ní fhéadfadh sé a bheith in am riamh! Chaith sé an chuid is mó dá chuid ama istigh ag am lóin!

An oíche sin shocraigh sé go mbeadh sé in am don scoil an mhaidin dár gcionn. Sula ndeachaigh sé a chodladh ar a naoi a chlog rinne sé cinnte go raibh an t-aláram socraithe le bualadh ar a seacht a chlog an mhaidin dár gcionn. Thosaigh an scoil gach maidin ar cheathrú tar éis a naoi. "Ní bheidh mé déanach amárach," a dúirt Peadar leis féin.

"A Pheadair! A Pheadair! Dúisigh!" D'oscail Peadar a shúile agus chonaic sé a dhaid ina sheasamh ag bun na leapa. "Ó, a Thiarna," arsa Peadar, "cén t-am é?" "Tá sé leathuair tar éis a hocht, a mhic," a d'fhreagair a dhaid agus "tá tú déanach arís!" Ghléas Peadar é féin go tapa agus amach an doras leis. Bhí sé ag smaoineamh ar an trioblóid a bhí i ndán dó ar scoil. Shroich Peadar doras na scoile tar éis fiche nóiméad. Bhí an príomhoide ag fanacht leis agus é ar buile. Rinne Peadar bocht iarracht an scéal a mhíniú dó ach ní raibh an príomhoide sásta éisteacht leis. Rith Peadar go dtí an rang Béarla. Shuigh sé síos agus d'fhéach sé ina mhála scoile. Bhí dearmad déanta aige ar a chuid leabhar go léir!

Níos déanaí an lá sin, bhí Peadar sa rang Gaeilge. Go tobann, bhraith sé a fhón póca ag bualadh ina phóca. An t-aláram a bhí ann! Chuala an múinteoir é agus bhí fearg an domhain uirthi. Bhí a fhios ag Peadar go raibh sé i dtrioblóid arís! Bheadh a thuismitheoirí ar buile leis chomh maith. Dúirt an príomhoide go raibh obair bhreise le déanamh ag Peadar an oíche sin agus go mbeadh air fanacht istigh ag am lóin ar feadh trí lá. Peadar bocht!

**Ceisteanna**

**1.** Cá raibh Peadar maidin Déardaoin?

| | |
|---|---|
| Ar scoil | |
| Sa bhaile | |
| Oifig an phríomhoide | |

**2.** Cén t-am a chuaigh Peadar a chodladh?

| | |
|---|---|
| A seacht a chlog | |
| A naoi a chlog | |
| Ceathrú tar éis a naoi | |

**3.** Cé a dhúisigh Peadar ar maidin?

| | |
|---|---|
| A dhaid | |
| An príomhoide | |
| An múinteoir | |

**4.** Cén rang a bhí ag Peadar ar dtús?

| | |
|---|---|
| Rang Gaeilge | |
| Rang Fraincise | |
| Rang Béarla | |

**5.** Cá raibh fón póca Pheadair?

| | |
|---|---|
| Sa bhaile | |
| Ina phóca | |
| Ina mhála scoile | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Ciana Ní Churraoin**



Sa bhliain 2008 d'imir Ciana Ní Churraoin ar fhoireann cailíní na Gaillimhe a bhuaigh craobh na liathróide láimhe ag na Cluichí Pobail. Bhí Ciana dhá bhliain déag d'aois ag an am. Deich mbliana ina dhiaidh sin, sa bhliain 2018, ba í Ciana Seaimpín an Domhain, faoi 23, sa liathróid láimhe. Sa bhliain 2023, shroich sí an babhta leathcheannais sa chraobh shinsir agus ag tús mhí an Mhárta, bhuaigh Ciana Craobh Shinsir na hÉireann.

Thaistil Ciana ar fud na hÉireann ag imirt i gcluichí éagsúla. Chomh maith leis sin, d'imríodh sí camógaíocht agus peil le Cumann Micheál Breathnach. Bhí sí ar fhoirne peile mionúr na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann in 2013 agus in 2014.

Le linn di a bheith ag freastal ar Ollscoil Luimnigh, áit ar bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Chorpoideachas, thug cóitseálaí ó Ollscoil Minnesota cuairt ar an Ollscoil. Bhí sé ag earcú imreoirí liathróide láimhe. Thug sé le fios do Chiana go raibh scoláireacht ar fáil agus go raibh cúrsa iarchéime i Síceolaíocht an Spóirt ar cheann de na céimeanna a bhí á dtairiscint ag an Ollscoil. Sin an dá rud ab fhearr léi pacáilte go deas le chéile in aon bheairtín amháin. Ghlac Ciana leis an tairiscint agus thosaigh sí ag staidéar in Minnesota in 2018.

Le linn di a bheith i Meiriceá, bhuaigh sí go leor corn agus craobhacha. Bhain sí céim mháistir amach i Síceolaíocht an Spóirt in Ollscoil Minnesota. Níl aon amhras faoi ach go bhfuil muintir Chois Fharraige iontach bródúil as an mbean óg seo atá ag dul ó neart go neart.

**Ceisteanna**

**1.** Cén aois a bhí Ciana nuair a bhuaigh sí craobh na liathróide láimhe ag na Cluichí Pobail?

| | |
|---|---|
| Deich mbliana d'aois | |
| Dhá bhliain déag d'aois | |
| Dhá bhliain is fiche d'aois | |

**2.** Cén bhliain a bhuaigh Ciana Craobh Shinsir na hÉireann?

| | |
|---|---|
| 2014 | |
| 2018 | |
| 2023 | |

**3.** Cén chéim a bhain Ciana amach in Ollscoil Luimnigh?

**4.** Cár thosaigh Ciana ag staidéar in 2018?

| | |
|---|---|
| In Minnesota | |
| I Luimneach | |
| I nGaillimh | |

**5.** Cén chéim a bhain Ciana amach in Ollscoil Minnesota?

| | |
|---|---|
| Céim sa Ghaeilge | |
| Céim i Síceolaíocht an Spóirt | |
| Céim sa Chorpoideachas | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

**Féile na Gealaí i Ráth Chairn Ghlas na Mí**



Tá féile Ghaelach nua tagtha ar an saol – Féile na Gealaí is ainm di. Bíonn sí ar siúl i Ráth Chairn i gContae na Mí. Is féile champála í Féile na Gealaí agus bíonn ceol, ealaín, ceardaíocht agus cultúr mar chuid den fhéile seo. Bíonn na himeachtaí dírithe ar an teaghlach ar fad, idir óg agus aosta.

Bhí an chéad fhéile ar siúl in 2017. Bhuaigh sí féile na bliana in 2018 agus tá sí ag dul ó neart go neart ó shin. Bíonn an fhéile ar siúl gach bliain i mí an Mheithimh. Is ar an Aoine agus ar an Satharn a bhíonn formhór na n-imeachtaí ar siúl.

In 2023 reáchtáladh an fhéile ón Aoine, 9 Meitheamh, go dtí an Domhnach, 11 Meitheamh. Bhí gach sórt ceoil le cloisteáil i rith an deireadh seachtaine. Bhí grúpaí ceoil ar an stáitse ó Ráth Chairn, ó Bhéal Feirste agus ó Albain. Chuir an grúpa ceoil Polka 4 ó Chiarraí críoch bhríomhar leis an bhféile oíche Shathairn.

Bhí go leor imeachtaí ar siúl do pháistí an deireadh seachtaine sin freisin. Bhí dioscó do pháistí sa halla pobail, picnic do theidithe sa leabharlann agus scéalaíocht i bpáirc phobail Ráth Chairn.

Dúirt eagraithe na féile go raibh áthas orthu a bheith ar ais arís. Bhí an-díomá orthu go raibh orthu an fhéile a chur ar ceal in 2021 agus in 2022 de bharr Covid-19. Tá siad dóchasach go mbeidh an fhéile mar pháirt lárnach d'fhéilte an tsamhraidh as seo amach.

**Ceisteanna**

**1.** Cá mbíonn Féile na Gealaí ar siúl?

| | |
|---|---|
| Béal Feirste | |
| Ráth Chairn | |
| Ciarraí | |

**2.** Cén bhliain a bhuaigh Féile na Gealaí féile na bliana?

| | |
|---|---|
| 2017 | |
| 2018 | |
| 2023 | |

**3.** Cad as don ghrúpa ceoil Polka 4?

| | |
|---|---|
| Ráth Chairn | |
| Albain | |
| Ciarraí | |

**4.** Cá huair a bhí imeachtaí ar siúl do pháistí?

| |
|---|
| |

**5.** Cén mothúchán a bhraith eagraithe na féile in 2021 agus in 2022?

| | |
|---|---|
| Áthas | |
| Díomá | |
| Dóchas | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

**An Spásaire**

**(1)**
Ba mhaith liom dul don ghealach
Lá éigin, tar éis dinnéir.
Tiománfaidh mé mo spáslong
Suas amach faoin spéir.

**(2)**
Fuair mé culaith spásaire,
Um Nollaig ó m'aintín.
Beidh an chulaith nua sin ormsa,
Is mo chóta mór báistí.

**(3)**
Nuair a shroichfimid an ghealach
Beidh picnic againn ann.
Beimid ansin ag ithe linn
Is ag breathnú ar an domhan.

**(4)**
Ní rachaidh mé rófhada ón long,
Ar eagla dul ar strae,
Ach baileoidh mé roinnt clocha
Sula suífidh mé chun tae.

**(5)**
Fillfimid sa spáslong,
Go díreach tar éis an tae,
Mar ní mór dom bheith sa bhaile,
I mo leaba, roimh a naoi.

**(le Bairtle Ó Brádaigh)**



**Ceisteanna**

**1.** Cá háit ar mhaith leis an spásaire dul?

| | |
|---|---|
| Ar eitleán | |
| Go dtí an ghealach | |
| Ar long | |

**2.** Cad a fuair an spásaire óna aintín um Nollaig?

| | |
|---|---|
| Cóta mór báistí | |
| Dinnéar | |
| Culaith spásaire | |

**3.** Cad a bheidh acu nuair a shroichfidh siad an ghealach?

| |
|---|
| |

**4.** Cén eagla atá ar an spásaire?

| | |
|---|---|
| Go gcaillfidh sé an tae | |
| Go rachaidh sé ar strae | |
| Nach bhfaighidh sé clocha | |

**5.** Cá háit nach mór dó a bheith roimh a naoi?

| | |
|---|---|
| Ina leaba | |
| Ar an ngealach | |
| Sa spáslong | |

## Cuid II: Roinn II — Scríobh na Teanga — 90 marc

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b)

Tá Ceist 4 (a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4 (b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5 (a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5 (b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b).

**Ceist 4 (a)** Féach ar na pictiúir thíos. **(45 marc)**




Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit?




Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cead isteach?




Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?




Cad a dhéanfar leis an airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**Ceist 4 (b) Foirm Iarratais** **(45 marc)**

Ba mhaith leat a bheith ag obair an samhradh seo mar fhreastalaí i mbialann áitiúil. Líon isteach an Fhoirm Iarratais atá anseo thíos. [Nóta: Is tusa Síle Ní Cheallaigh.]

**Bialann na Trá, Cill Airne, Co. Chiarraí**

**Foirm Iarratais do Phost mar Fhreastalaí**

Ainm: *Síle Ní Cheallaigh* Uimhir theileafóin: ……………………………………………

Seoladh: ……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

Aois: …………………………………………… Dáta Breithe: ……………………………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………………………………………

Ainmnigh **cúig** ábhar scoile a rinne tú sa scrúdú sin: ………………………………

……………………………………………………………………………………………………

An bhfuil tú ag obair faoi láthair? ………………………………………………………

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

An réitíonn tú go maith le daoine eile?…………………………………………………

An féidir leat a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? …………………………

Cuir **tic** (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh:

25 Meitheamh ☐ 27 Meitheamh ☐ 3 Iúil ☐

Scríobh **alt gearr** (timpeall 40 focal) ag insint cén fáth ar mhaith leat post samhraidh mar fhreastalaí sa bhialann seo.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________


Síniú: *Síle Ní Cheallaigh* Dáta: ____________________

**Ceist 5 (a)** Féach ar an bpictiúr thíos. **(45 marc)**

Chuaigh tú féin agus do theaghlach ar **Saoire go Páras na Fraince** an bhliain seo caite. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin tsaoire sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.


## Saoire go Páras na Fraince



**Ceist 5 (b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos. **(45 marc)**

Tharla **an eachtra** seo agus tú ag siopadóireacht le do chara tar éis na scoile.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| Ag siopadóireacht<br>Málaí scoile | Siopadóir<br>Ag íoc | Mála scoile fágtha<br>Dearmad déanta | Mála scoile ar ais<br>Sona sásta |

## Eachtra a Tharla agus Mé ag Siopadóireacht

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

# Admhálacha

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| Na híomhánna ar leathanach 3: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 4: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| An íomhá ar leathanach 8: | www.dungarvantourism.com |
| An íomhá ar leathanach 10: | www.gaahandball.ie |
| An íomhá ar leathanach 11: | www.nos.ie |
| An íomhá ar leathanach 12: | www.freepik.com |
| Na híomhánna ar leathanach 14: | www.irishstar.com; Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 16: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| Na híomhánna ar leathanach 17: | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |

**Téacsanna:**

| | |
|---|---|
| An téacs ar leathanach 8: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 10: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 11: | bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal

# Gaeilge – Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Dé Luain 10 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:20